Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Márta 2024**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0011(NLE)**

**7671/24**
**ADD 1**

**SOC 204**
**EMPL 113**
**ANTIDISCRIM 41**
**GENDER 40**
**SAN 154**
**FREMP 143**
**ILO 9**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-iarrtar ar na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh<br>- Ráitis ón Ostair agus ón Ungáir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn ráitis ón Ostair agus ón Ungáir maidir leis an togra thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

**MAIDIR LEIS AN TOGRA LE HAGHAIDH**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE LENA nIARRTAR ar na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú**

1. I bprionsabal, cuireann an Ostair i dtreis a tuairim dhlíthiúil nach gcruthaítear oibleagáid leis an gcinneadh ón gComhairle lena n-iarrtar ar na Ballstáit an coinbhinsiún idirnáisiúnta ábhartha a dhaingniú.

2. Is comhpháirtithe uathrialacha de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) iad Ballstáit an Aontais. Tá oibleagáid daingniúcháin contrártha le prionsabal na trípháirteachta atá cumhdaithe i mBunreacht EIS agus i gCoinbhinsiún 1976 (Uimh. 144) EIS a dhaingnigh Ballstáit uile an Aontais.

3. Tugann an Ostair dá haire na dearbhaithe ón gCoimisiún Eorpach go staonfaidh sí ó chéimeanna dlíthiúla i gcoinne na mBallstát a roghnaíonn gan an coinbhinsiún a dhaingniú.

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

**MAIDIR LEIS AN TOGRA LE hAGHAIDH**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE LENA nIARRTAR AR NA BALLSTÁIT COINBHINSIÚN NA hEAGRAÍOCHTA IDIRNÁISIÚNTA SAOTHAIR MAIDIR LE FORÉIGEAN AGUS CIAPADH, 2019 (UIMH. 190) A DHAINGNIÚ**

Ba mhaith leis an Ungáir, agus an chomhairle ó Sheirbhís Dlí na Comhairle a cuireadh ar fáil le linn na caibidlíochta á cur san áireamh aici, a tuairim dhlíthiúil a athdhearbhú nach bhfuil aon riachtanas dlíthiúil ann cinneadh ón gComhairle a ghlacadh chun a cheadú do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú (dá ngairtear: Coinbhinsiún EIS 190 anseo feasta), toisc nach bhfuil aon inniúlacht eisiach de chuid an Aontais i gceist leis an gCoinbhinsiún. Tugaimid dár n-aire go ndeimhnítear an chonclúid sin freisin le gníomhartha a rinne seacht mBallstát a bhfuil an Coinbhinsiún daingnithe *de facto* acu cheana.

Gan dochar don mhéid thuas, tugann an Ungáir dá haire freisin na ráitis ó bhéal a thug an Coimisiún níos mó ná uair amháin nach ndéanfadh sé bearta chun brú ar na Ballstáit an Coinbhinsiún a dhaingniú fiú má ghlacfar cinneadh ón gComhairle ina leith sin.

Ar deireadh, tugann an Ungáir dá haire agus is oth léi an nós imeachta as ar tháinig glacadh an chinnidh ón gComhairle atá i dtrácht. I ndáil leis an méid sin, meabhraímid gur chinn Coreper, ag an gcruinniú a bhí aige an 31 Bealtaine 2023, a mholadh don Chomhairle ráiteas a fhormheas a bhí le cur ina miontuairiscí, ar ráiteas é ina dtugann an Chomhairle dá haire nach féidir teacht ar an tromlach cáilithe is gá chun an cinneadh ón gComhairle atá beartaithe a ghlacadh. Is trua nach ndearnadh obair leantach ar an méid ar cinneadh air ag an gcruinniú sin de chuid Coreper.